



# Muintearas Teo

TOGRA OIDEACHAIS GAELTACHTA  
TÍR AN FhIA, LEITIR MÓIR, CO. NA GAILLIMHE  
Fón: +353 91-551145/551300 Facs: +353 91-551277  
Riomphost: [muintearas@muintearas.com](mailto:muintearas@muintearas.com) Idirlíon: [www.muintearas.com](http://www.muintearas.com)



## Scéim Árachais na gCampáí Samhraidh 2021

Tá árachas ar fáil ó Mhuintearas arís i mbliana d'eagraíochta atá ag eagrú campáí samhraidh agus atá ag déanamh iarratais faoi Scéim na gCampáí Samhraidh sa Ghailtacht 2021, atá á riaradh ag Muintearas Teo.

Is í aidhm na scéime árachais ná deis a thabhairt d' eagraíochtaí / chumainn atá ag eagrú campáí samhraidh, árachas a fháil do na campáí sin ar phraghas réasúnach, agus a chinntiú go bhfuil árachas cuí ag na campáí do na himeachtaí a bheas a réachtáil acu.

Tá idirbheartaíocht déanta againn le comhlacht árachais ionas gur féidir linn praghas réasúnach a thairiscint. Ní ghearrfar táille árachais ar aon champa go dtí go mbeidh an campa críochnaithe.

I mbliana beidh **táille in aghaidh an duine** á ghearradh amach, mar seo a leanas:

**€5.73 an pháiste** i gcomhar Dlíteanas Poiblí (**tobhach 5% san áireamh**)  
**€8.40 an chinnire** i gcomhar Dlíteanas Fostaí (**tobhach 5% san áireamh**)

**Gearrfaidh táille bhreise do €10 ar aon athrú ar dátaí nó suíomh an champa, chun teastas nua a chur ar fáil.**

Clúdaíonn an t-árachas gnáth-imeachtaí campáí samhraidh, ach ní chlúdaíonn sé imeachtaí uisce, caisleáin spraoi nó a leithéid, imeachtaí in ionaid gníomhaíochtaí ná imeachtaí atá á soláthar ag daoine nó ag gnóilachtaí proifisiúnta. (Má tá a thuilleadh soiléiriú ag teastáil maidir leis an gclúdach árachais, is féidir é sin a phlé le Muintearas Teo.)

**Tá sé riachtanach i mbliana cloí leis na beartais ar fad atá sonraithe i bPrótacal & Coinníollacha Scéim na gCampáí Samhraidh 2021 maidir le Covid-19, agus aon bheartas / srian sláinte poiblí eile a d'fhéadfadh a theacht i bhfeidhm in Éirinn idir seo agus deireadh tréimhse na Scéime, chun clúdach árachais a fháil faoin scéim seo.**

Más mian le bhur n-eagraíocht leas a bhaint as an scéim seo chun árachas a ghlacadh do bhur gcampa samhraidh, ní foláir é sin a chur in iúl dúinn ar an **bhfoirm iarratais** agus sonraí an champa a líonadh isteach.

Tá sé riachtanach an t-eolas a bheith líonta isteach ina iomláine agus líon na rannpháirtithe agus cinnirí/oibrithe/oibrithe deonacha a mheastar a bheas ar an gcampa a líonadh isteach.

Maidir le líon rannpháirtithe agus cinnirí a mheastar a bheas ar an gcampa, ní foláir a mheabhrú gur eolas é seo atá ag teastáil chun an árachas a chur ar fáil.

**Sa chás agus go nglacann eagraíocht leis an scéim árachais agus nach n-íocfar deontas leis an gcampa faoi Scéim na gCampáí Samhraidh sa Ghailtacht 2021, is gá costas an árachais a íoc le Muintearas Teo.**